OLLSCOIL NA GAILLIMHE
UNIVERSITY OF GALWAY

**Polasaithe agus Nósanna Imeachta/Policies and Procedures**

| | |
|---|---|
| **Cód** | QA103 |
| **Teideal** | Polasaí maidir le Sos Gairme |
| **Úinéir an Pholasaí** | An Stiúrthóir Acmhainní Daonna |
| **Dáta** | 24/09/2009; Dáta an athbhreithnithe: 24/06/2023, Athbhreithniú: 01/02/2026 |
| **Faofa ag** | Foireann Bainistíochta na hOllscoile |

## 1.0 Cuspóir

Tá an Ollscoil tiomanta do chleachtais agus nósanna imeachta oibre a fhorbairt a thacaíonn le comhdheiseanna, cothromaíocht oibre is saoil agus forbairt phearsanta.

Chun cabhrú leis seo, tacóidh an Ollscoil, go gníomhach, le sos gairme chomh fada agus go bhfuil sé réasúnach agus praiticiúil sin a dhéanamh agus mura ndéanfar aon dochar do riachtanais ghnó na hOllscoile.

## 2.0 Incháilitheacht

Tá fostaithe atá buan agus a bhfuil a dtréimhse phromhaidh críochnaithe go sásúil acu incháilithe chun iarratas a dhéanamh.

Ba chóir don fhostaí an t-iarratas ar shaoire a phlé lena b(h)ainisteoir líne ar dtús, agus cuirfidh an bainisteoir líne sin an Ceann Aonaid/Scoile ar an eolas ina dhiaidh sin.

Ba chóir iarratais i scríbhinn tríd an bhFoirm iarratais ar Shos Gairme a chur faoi bhráid an Chinn Aonaid/Scoile ar dtús lena cheadú agus ansin é a chur faoi bhráid Acmhainní Daonna (AD).
Féach cuid 5.0 : Nós Imeachta maidir le hIarratas ar Shos Gairme & Síneadh ar Shos Gairme.

Táthar ag súil go mbeidh forálacha an pholasaí seo léite ag fostaithe agus go dtuigfidh siad iad sula ndéanfaidh

siad iarratas. Moltar do Chinn Aonaid/Scoile tacú le sosanna gairme agus iad a éascú más féidir.

Mar sin féin, má chreideann an Ceann Aonaid/Scoile go bhféadfadh sos gairme cur isteach ar riachtanais ghnó an Aonaid/na Scoile, féadfar an t-iarratas a dhiúltú.

I gcásanna den sórt sin, ní mór don Cheann Aonaid/Scoile cúiseanna soiléire leis an gcinneadh a thabhairt don fhostaí i scríbhinn.

Más mian le fostaí achomharc a dhéanamh ar chinneadh faoi iarratas ar shos gairme a dhiúltú ar bhonn nós imeachta nó cothroime, féadfaidh sé/sí achomharc a dhéanamh leis an Stiúrthóir Acmhainní Daonna.

OLLSCOIL NA GAILLIMHE
UNIVERSITY OF GALWAY

## 3.0 Scóip

Beidh ar fhostaithe sonraí a sholáthar faoin gcúis a bhfuil an sos gairme á iarraidh, ag léiriú an chaoi a gcomhlíonann sé ceann de na critéir cheadaithe atá leagtha amach thíos:

- Taisteal
- Cúinsí teaghlaigh
- Staidéar/tuilleadh oiliúna nó obair dheonach a dhéanamh
- Fostaithe ceaptha nó tofa chuig an Oireachtas

Níl sé mar aidhm leis an scéim Sosa Gairme iarratais ar obair pháirtaimseartha ná ar obair lasmuigh den Ollscoil a éascú.

Féadfaidh an Ollscoil iarratais den sórt sin a bhreithniú, ach, déileálfar le hiarratais den sórt sin lasmuigh den Pholasaí maidir le Sos Gairme.

## 4.0 Fad

Is tréimhse saoire neamhíoctha é sos gairme nach giorra ná bliain amháin agus nach faide ná

cúig bliana. Fillfidh fostaithe a ghlacann sos gairme bliana ar a bpost féin.

Ní bheidh fostaithe a ghlacann sos gairme níos faide ná bliain amháin i dteideal filleadh ar a bpost féin. Féadfar folúntais a chruthaítear mar thoradh ar fhostaí a bheith ar shos gairme níos faide ná bliain amháin a líonadh go buan ach cead a bheith faighte.
Féach cuid 9.0 : Filleadh ar an Obair.

Ní cheadófar an dara sos gairme go mbeidh an fostaí ag obair ar feadh tréimhse cothrom leis an gcéad sos gairme.

Níor cheart go mbeadh an tréimhse saoire iomlán níos faide ná deich mbliana agus níor cheart go mbeadh aon tréimhse neamhláithreachta níos faide ná cúig bliana ach amháin i gcúinsí ina gceaptar nó ina dtoghtar an fostaí chuig an Oireachtas.

Féadfaidh fostaithe incháilithe dhá shos gairme a ghlacadh óna bpost. Féadfaidh an Stiúrthóir Acmhainní Daonna neamhaird a dhéanamh den teorainn seo, chomh fada nach mbíonn an tréimhse iomlán saoire níos faide ná deich mbliana.

OLLSCOIL NA GAILLIMHE
UNIVERSITY OF GALWAY

## 5.0 Nós Imeachta maidir le hIarratas ar Shos Gairme & Síneadh ar Shos Gairme.

Ní mór d'fhostaithe fógra trí mhí a thabhairt faoina n-iarratas ar shos gairme, seachas i gcás comhaltaí foirne Acadúla, a bhfuil orthu fógra naoi mí a thabhairt.

Ba chóir d'fhostaithe iarratas a dhéanamh ar an gcéad dul síos tríd an bhfoirm iarratais ar Shos Gairme a chur chuig an gCeann Aonaid/Scoile. Measfaidh an Ceann Aonaid/Scoile an t-iarratas i gcomhthéacs phleananna foirne gnó oibríochtúla an Aonaid/na Scoile.

Nuair a bheidh an t-iarratas ceadaithe ag an gCeann Aonaid/Scoile, cuirfidh an fostaí an fhoirm chuig an Oifig Acmhainní Daonna (ríomhphost: leaveschemes@universityofgalway.ie).

Ba chóir iarratais ar shíneadh ar shos gairme cloí leis an nós imeachta céanna atá leagtha amach thuas, agus fógra 3 mhí ar a laghad a thabhairt.

Mura gceadaítear iarratas ar shos gairme nó ar shíneadh ar shos gairme mar gheall ar riachtanais ghnó an aonaid/na scoile lena mbaineann, cuirfidh an Ceann Aonaid/Scoile an fostaí ar an eolas faoin gcinneadh i scríbhinn.

Más mian le fostaí achomharc a dhéanamh ar chinneadh faoi iarratas ar shos gairme nó síneadh ar shos gairme a bheith diúltaithe ar bhonn nós imeachta nó cothroime, féadfaidh sé/sí achomharc a dhéanamh chuig an Stiúrthóir Acmhainní Daonna.

## 6.0 Stádas Pinsin

Ní chuirfear sos gairme san áireamh mar sheirbhís chun críche pinsin ná saoire bhliantúil ná ardú céime.
Ní féidir leanúint ar aghaidh ag íoc ranníocaíochtaí pinsin agus tú ar shos gairme.
D'fhonn tréimhse an tsosa gairme a chur san áireamh chun críche pinsin, d'fhéadfaí meas-seirbhís a cheannach nó leas a bhaint as an áis Cheannaigh Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí ar fhilleadh ar an obair duit. Téigh i dteagmháil leis an Oifig Pinsean ag pensions@universityofgalway.ie chun meastachán a fháil ar fhilleadh duit.

https://www.universityofgalway.ie/pensions-and-investments/aboutus/

## 7.0 Árachas Sláinte / Árachas Timpiste Pearsanta / Leanúnachas Ioncaim

Ní féidir le hOllscoil na Gaillimhe asbhaintí Árachais Sláinte a bhaint le linn sos gairme. Más gá, ba chóir don fhostaí socrú a dhéanamh go díreach leis an soláthraí seirbhíse seachtrach.

Níl fostaithe atá ar shos gairme i dteideal Árachas Timpiste Pearsanta ach is féidir leo iarratas a dhéanamh arís (tar éis dóibh filleadh ar an obair) nuair atá an scéim á hathnuachan (mí na Samhna gach bliain).

Ba chóir d'aon fhostaí atá ag baint leas as saoire faoin scéim sosa gairme a chinntiú go bhfuil siad ar an eolas faoin riail a bhaineann le saoire neamhláithreachta nó sos gairme sna pleananna maidir le Cosaint Ioncaim agus Saoil Ghrúpa, féach na sonraí in **Aguisín 1.**

## 8.0 Ardú Céime

Más mian le fostaí atá ar shos gairme a bheith ar an eolas faoi fhógraíocht inmheánach nó sheachtrach post, is ar an bhfostaí atá an fhreagracht fanacht ar an eolas faoi fholúntais a fhógraítear.

Glacfar le hiarratais ó fhostaithe ar shos gairme don phost a ndéanann siad iarratas air. Má éiríonn leo, beidh orthu glacadh leis an ról laistigh de 4 seachtaine. Ní aistreofar an sos gairme go huathoibríoch chuig an bpost nua.

## 9.0 Filleadh ar an Obair

Fillfidh fostaithe atá ar shos gairme bliana ar an bpost a d'fhág siad. Féadfar an post folamh a líonadh ar bhonn conartha sainchuspóra le linn neamhláithreacht an fhostaí.

D'fhéadfadh sé go mbeadh ar fhostaithe atá ag filleadh ó shos gairme dul i mbun ionduchtú fostaithe lena n-áirítear seisiún eolais ar Shláinte & Sábháilteacht. Ba chóir don fhostaí eolas a chur freisin ar aon pholasaithe nó nósanna imeachta nua atá tagtha i bhfeidhm le linn dóibh a bheith ar saoire.

Is é freagracht an fhostaí atá ar shos gairme an Bainisteoir Líne agus an Oifig Acmhainní Daonna a chur ar an eolas (ríomhphost: leaveschemes@universityofgalway.ie)), i scríbhinn, trí mhí ar a laghad, ach sé mhí más féidir sula mbeidh deireadh lena s(h)aoire ghairme ceadaithe, cibé acu is mian leo:

(a) iarratas a dhéanamh ar shíneadh ar an sos gairme

(b) filleadh ar an obair nuair a bheidh an sos gairme thart

(c) an Ollscoil a fhágáil

Má theiptear fógra filleadh ar an obair a thabhairt laistigh den tréimhse ama a sonraíodh, glacfar leis mar rún gan filleadh ar an obair ag deireadh an tsosa gairme ceadaithe agus déileálfar leis mar éirí as iomlán.

Tabharfar an chéad fholúntas cuí eile d'fhostaithe atá ar shos gairme níos faide ná bliain i ndiaidh deireadh a bheith tagtha leis an sos gairme. Is ionann folúntas, sa chás seo, agus folúntas ag an ngrád a raibh an duine sin aige sula ndeachaigh sé/sí ar shos gairme.

D'fhéadfadh sé go dtógfadh sé tamall folúntas oiriúnach a aimsiú, agus le linn na tréimhse seo, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar an bhfostaí fanacht tréimhse nach faide ná dhá mhí dhéag de ghnáth gan phá.

Sa chás nach mbeidh folúntas, ag an ngrád oiriúnach, ar fáil, féadfaidh fostaí cur leis an tsaoire go mbeidh folúntas oiriúnach ar fáil nó filleadh ar fholúntas atá ar fáil ag an bpointe sin, a d'fhéadfadh a bheith ag grád níos ísle agus ar phá níos ísle dá réir agus, ansin, cur isteach ar ardú céime ar na gnáthbhealaí.

Ba chóir d'fhostaithe atá ag fanacht le filleadh ar an obair ag deireadh an tsosa gairme, dul i dteagmháil leis an Roinn Coimirce Sóisialaí, chun a fháil amach an bhfuil aon teidlíocht ar íocaíochtaí leasa shóisialaigh nó aon sochar eile ag dul dóibh.

Níl ceart uathoibríoch ag fostaí filleadh ar d(h)ualgas i bpostroinnt, fiú má bhí sé/sí ag postroinnt sular thosaigh an sos gairme. Mar sin féin, déanfaidh an Ceann Aonaid/Scoile iarracht na hiarratais sin a éascú nuair is féidir i gcomhréir le riachtanais oibríochtúla agus pleanáil.

## 10.0 Freagrachtaí

| Ainm | Freagracht |
|---|---|
| An Stiúrthóir Acmhainní Daonna | Úinéir an Pholasaí |
| Gach Fostaí | Fógra trí mhí/naoi mí ar a laghad a thabhairt maidir le rún leas a bhaint as an tsaoire seo i gcomhréir le cuid 5.0 den pholasaí maidir le sos gairme.<br>Fógra maidir le filleadh ar an obair a thabhairt i gcomhréir leis na hamlínte ama a cuireadh ar fáil (3 mhí, 6 mhí más féidir).<br>Forálacha pholasaí na scéime sosa gairme a léamh agus a thuiscint sula ndéanann tú iarratas.<br>An Ollscoil a choinneáil ar an eolas faoi aon athrú seolta nó sonraí teagmhála eile. |
| Bainisteoir Líne | Iarratas ar shaoire a mheas & a cheadú.<br>Míniú i scríbhinn a chur ar fáil mura féidir iarratas ar shos gairme nó ar shíneadh ar shos gairme a cheadú.<br>An polasaí saoire seo a léamh agus a chomhlíonadh agus a chinntiú go ndéantar athbhreithniú ar an iarratas ar shaoire agus go seoltar chuig AD é a luaithe agus is féidir. |
| An Oifig Acmhainní Daonna | Iarratais ar shaoire cheadaithe a phróiseáil.<br>Athbhreithniú a dhéanamh ar an bpolasaí ar bhonn leanúnach má thagann aon athruithe ar an reachtaíocht |

## 11.0 Aguisíní

- Aguisín 1: Nóta maidir le hÁrachas Cosanta Ioncaim (nó Árachas Sláinte Buaine) agus Árachas Saoil Deonach

OLLSCOIL NA GAILLIMHE
UNIVERSITY OF GALWAY

**Aguisín 1 – Nóta maidir le hÁrachas Cosanta Ioncaim (nó Árachas Sláinte Buaine) agus Árachas Saoil**

**Aguisín 1 – Nóta maidir le hÁrachas Cosanta Ioncaim agus Pleananna Saoil Grúpa**

Má tá sé ar intinn agat sos gairme a ghlacadh, ní mór duit ríomhphost a sheoladh chuig Cornmarket (riarthóirí an Phlean) roimh dháta tosaithe do shosa gairme. Ba chóir an ríomhphost a sheoladh chuig spsadmin@cornmarket.ie agus ba chóir go mbeadh na nithe seo a leanas san áireamh ann:

- Ainm
- Seoladh
- Uimhir Foirne
- Dáta tosaithe an tSosa Gairme
- Dáta deiridh an tSosa Gairme (Is féidir sosanna gairme a thógáil ar feadh uasmhéid 5 bliana)
- Cibé an bhfuil sé ar intinn agat taisteal thar lear nó nach bhfuil le linn do Shosa Gairme

agus, má tá, cén áit? Nuair a dhéanfaidh tú é seo:

- Seolfaidh Cornmarket aon roghanna clúdaigh a d’fhéadfadh a bheith ar fáil duit chugat. Mar shampla, má tá tú i do bhall den Phlean Saoil Grúpa agus mura bhfuil tú ag taisteal chuig tír atá ar liosta ‘gan chlúdach’ an Árachóra, d'fhéadfadh go mbeifeá in ann cnapshuim a íoc roimh ré chun do Chlúdach Saoil a choinneáil le linn do Shosa Gairme.
- Cibé acu an rogha duit clúdach a fháil le linn sosa gairme nó nach ea, agus cibé acu an mbainfidh tú leas as an rogha/na roghanna, is féidir leat dul isteach sa phlean arís gan aon fhrithghealladh leighis ag deireadh do shosa gairme. Mura mbeidh tú in ann filleadh ar an obair mar gheall ar thinneas nó gortú, tosóidh an tréimhse a cuireadh ar athló an dáta seo.

Má theipeann ort Cornmarket a chur ar an eolas roimh ré faoi do shos gairme, d’fhéadfadh sé go gcuirfí deireadh le do bhallraíocht sa Phlean/sna Pleananna ábhartha. Má thagann deireadh le do pholasaí agus más mian leat clúdach a fháil arís, beidh ort foirm iarratais a chomhlánú agus b’fhéidir go mbeidh ort dul faoi fhrithghealladh leighis agus, ina dhiaidh sin, féadfar glacadh leat mar bhall den phlean arís nó b’fhéidir nach nglacfaí leat.